Splanc 2017-2018

Caibidil 1

Ceisteanna, tascanna agus freagraí

Ticéad ceolchoirme (lch 2)

©JStone/Shutterstock.com

Cúpla ceist daoibh!

Bígí ag obair le chéile chun an t-eolas atá á lorg a aimisiú sa sliocht.

1 (a) Tá ticéad ceannaithe ag lear mór daoine in Éirinn. Cén ticéad atá i gceist? (Alt 1)

(b) Cén bhaint atá ag Ed Sheeran le hÉirinn? (Alt 1)

2 (a) Céard a rinne sé nuair a bhí sé ocht mbliana déag d'aois? (Alt 2)

(b) Cad deirtear faoi na gradaim atá bainte amach aige? (Alt 2)

3 Conas a chabhraíonn sé le daoine eile? (Alt 3)

Bígí ag obair le chéile chun na focail ar clé (a bhí sa sliocht) a mheaitseáil leis na cinn ar deis leis an gciall chéanna.

				Fr
1	ar bís	**A**	mór le rá	
2	cáil	**B**	ina dhiaidh sin	
3	faoi leith	**C**	ardán	
4	clúiteach	**D**	sceitimíní ar	
5	stáitse	**E**	clú	
6	dár gcionn	**F**	speisialta	

Freagraí ar leathanach na bhfreagraí thíos

Camchuairt Ed

Ceann de na hábhair chainte is mó a bheidh ag muintir na hÉireann i mí na Bealtaine 2018 ná ceol Ed Sheeran, mar beidh naoi gcinn de cheolchoirmeacha anseo in Éirinn idir 4 agus 19 Bealtaine aige! Beidh sé ag imeacht ó Pháirc Uí Chaoimh i gCorcaigh go Béal Feirste, go Staid an Phiarsaigh i nGaillimh agus uaidh sin go Páirc an Fhionnuisce i mBaile Átha Cliath.

Níl sa turas ar Éirinn ach cuid de cham-chuairt Ed ar fud na hEorpa chun an tríú halbam aige a dhíol. Beidh sé san Ostair, sa tSualainn, sa Pholainn, sa Ghearmáin agus sa Fhrainc. Tá taithí ag an gceoltóir óg rua seo ar a bheith ag seinm agus ag amhrán do shluaite ollmhóra. Mheall sé féin 240,000 duine thar thrí oíche ag Staid Wembley i mí Iúil 2015.

Cumadóir ardchaighdeáin is ea Sheeran.

©Gael Linn (ar lean thíos)

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Deir sé féin go bhfuil sé ag canadh ó bhí sé ceithre bliana d'aois, nuair a chan sé i gcór eaglaise agus maíonn sé go raibh sé ag seinm ar an ngiotár go luath ina dhiaidh sin. Thosaigh sé ag déanamh staidéir ar an gceol sa bhlain 2009 nuair a d'fhreastail sé ar Acadamh Ceoil in Surrey, ach ní fios ar chríochnaigh sé an cúrsa sin riamh!

Amhrán amháin ag Ed a mbeidh lucht freastail Pháirc an Phiarsaigh ag súil leis i mí na Bealtaine 2018 ná *Galway Girl*. Chan sé an t-amhrán sin i mí na Bealtaine i mbliana agus ba í Saoirse Ronan cailín na Gaillimhe san fhíseán a rinneadh don ócáid!

camchuairt = turas thart timpeall
eisigh = cuir amach maígh *claim*

Fíor (F) nó bréagach (B)?

Abraigí má tá fíor nó bréagach. Má tá bréagach abraigí an rud atá fíor.

	F	B
1 Beidh Ed Sheeran in Éirinn ó 4 go 19 Bealtaine 2018.		
2 Beidh sé ag taisteal ar fud na hEorpa ar an gcamchuairt seo.		
3 Rachaidh sé go dtí an Astráil mar chuid den chamchuairt sin.		
4 Mheall sé 240,000 duine ag Staid Wembley in aon oíche amháin sa bhliain 2015.		
5 Chan sé *Galway Girl* i mí na Bealtaine anuraidh.		

Freagraí ar leathanach na bhfreagraí thíos

An raibh a fhios agaibh?

Tá portráid Ed le feiceáil anois i ngailearaí i Londain (*National Portait Gallery*) agus fear as Béal Feirste a rinne é.

Sár-ealaíontóir é Colin Davidson. Tá portráidí de dhaoine cáiliúla déanta aige. Ina measc tá cinn de John Hume, Brad Pitt, Jamie Dornan agus Angela Merkel.

Rinne Colin Davidson an phortráid seo tar éis dó bualadh le hathair Ed, atá ina choimeádaí agus ina staraí ealaíona. Sa bhliain 2015 shuigh Ed do Colin ar feadh trí huaire an chloig agus ba as sin a d'eascair an phortráid seo.

sár = iontach, den scoth ealaíontóir *artist*
cáiliúil = clúiteach coimeádaí *curator*

Beagáinín taighde daoibh!

Faighigí amach faoin ealaíontóir Colin Davidson.

- Cathain a rugadh é?
- Cathain a thosaigh sé ag péinteáil?
- Cad a spreag é?
- Déanaigí cur síos a chuid taispeántas – teámaí agus ionaid (tíortha).

Sna sála ar Louboutin! (lch 3)

Roghnaígí na focail chearta chun na bearnaí a líonadh. Tá ceann breise ann. Céard é?

ráchairt saoire iomaí mairfidh comhlacht fada costasach praghas

- Is _____ oíche mhaith rince loite ag sála arda briste!
- Tá _____ ar bhróga Louboutin, Jimmy Choo agus Manolo Blahnik. Tá a gcuid bróg _____, áfach.
- _____ bróg é *Borgezie* a bhunaigh Chris Shellis.

©Gael Linn (ar lean thíos)

©Everett Collection/Shutterstock.com

- _____ sála na mbróg aige sin míle bliain.
- Cén _____ atá ar na bróga is _____ dá chuid?

Freagraí ar leathanach na bhfreagraí thíos

Céard é?
Úll aibí ar chrann!

Castóir an ghuaigín (lch 4)

Freagraí – Fíor nó bréagach
Tá 1, 2 agus 4 fíor agus tá 3, agus 5 bréagach.
3 Ón Nollaig atá tóir orthu.
5 Díoltar iad in an-chuid siopaí.



Meaitseáil an focal/frása sa ghreille ar clé leis an bhfocal/bhfrása cuí sa ghreille ar deis.

1	ADHD	**A**	siopa ina gceannaítear páipéir nuachta
2	siopa nuachtán	**B**	glaonna chuig grúpa daoine
3	glaonna comhdhála	**C**	ábhar a bhfuil dath lonrach buí air
4	castóir	**D**	ceannaítear é chun spraoi leis
5	prás	**E**	NHEA
6	múinteoir	**F**	siopa mór ina bhfuil rogha earraí
7	go tapa	**G**	rud a chasann
8	guaigín	**H**	oide
9	bréagán	**J**	go gasta
10	ollmhargadh	**K**	duine nach féidir leis suí go socair

Freagraí ar leathanach na bhfreagraí thíos

©Gael Linn (ar lean thíos)

Ceisteanna
1 (a) Céard is guaigín ann? (Alt 1)
(b) Mínigh an fhadhb a bhí ag Scott McCoskery. (Alt 1)
2 Déan cur síos ar an gcastóir ón eolas a thugtar sa dara halt. (Alt 2)
3 Cén fáth ar chuir na castóirí as do mhúinteoirí sa rang? (Alt 3)
4 Cad as a ndéantar na castóirí? (Alt 4)

Ábhair déantúsaíochta
Luaitear cinn éagsúla sa sliocht, *adhmad* mar shampla. Aimsígí na cinn eile agus luaigí rudaí ar féidir a dhéanamh astu – *camán*, mar shampla.

Mná ag iomaíocht (lch 4)
Ceisteanna
1 (a) Cathain a tugadh cead do mhná páirt a ghlacadh go hiomaíoch sa dornálaíocht? (Alt 1)
(b) Cá huair ar ligeadh dóibh a bheith ag dornálaíocht sna Cluichí Oilimpeacha den chéad uair? (Alt 1)
2 (a) Cén cheist a chuirtear go minic? (Alt 2)
(b) Cad dúirt John McEnroe? (Alt 2)

Tar éis an choirn dhomhanda i bpeil na mban sa bhliain 2003, rinne foireann san Iodáil iarracht an t-imreoir Gearmánach, Birgit Prinz, a fháil le himirt dóibh. Dhiúltaigh sí don tairiscint, mar chreid sí nach raibh ann ach iarracht lag ar mhargaíocht.

Bhí an ceart aici, mar ina dhiaidh sin, iarradh ar mhac le Muammar Gaddafi imirt don fhoireann chéanna – ar son na margaíochta!

tairiscint = ofráil

Bígí ag plé!
- Bhí an ceart ag Birgit Prinz. Cén fáth? (an t-alt seo thall)
- An féidir leat sampla a thabhairt de spórt ina mbíonn fir agus mná ag imirt i gcoinne a chéile? Déan taighde. Ní bhfaighidh tú an freagra anseo!

Ráblóg (lch 4)
Cad is brí leis?
Bhí gé na gcomharsan istigh i ngairdín an údair ag ithe an fhéir ann. B'fhearr léi an féar sin ná an píosa beag féir a bhí ina gairdín féin!

gas = píosa féir gob = béal éin

Tábhacht an airgid! (lch 5)
©LevRadin/Shutterstock.com

Ceisteanna
1 (a) Céard é an spórt is cáiliúla ar domhan? (Alt 1)
(b) Cad a úsáideann daoine óga mar chúil agus iad ag imirt sacair? (Alt 1)

©Gael Linn (ar lean thíos)

2 (a) Ainmnigh an t-imreoir a d'imigh ón bhFrainc sa bhliain 2009. (Alt 2)
(b) Cén fáth a raibh *Manchester United* sásta €100 milliún a íoc air? (Alt 2)
3 (a) Cárb as Neymar? (Alt 3)
(b) Conas d'éirigh leis a fhad is a bhí sé le *Juventus*? (Alt 3)

Seanfhocail (lch 5) – **freagraí**

1 Níl aon tinteán mar do **thinteán féin**.
2 Marbh le tae agus marbh **gan é**.
3 Is fearr rith maith ná **drochsheasamh**.
4 Is fearr an tsláinte ná na **táinte**.
5 De réir a chéile a thógtar **na caisleáin**.
6 Is fearr cara sa chúirt ná **punt sa sparán.**
7 Grian an tí **leanbh**.
8 Is glas iad na cnoic **i bhfad uainn, ach ní i gcónaí a bhíonn siad féarmhar**.

9 Cuir síoda ar ghabhar agus is **gabhar i gcónaí é**.
10 Cad a dhéanfadh mac an chait ach **luch a mharú?**



Saoire? (lch 6)

Aimsígí an focal nó nath a úsáidtear sa sliocht ag a bhfuil an bhrí chéanna!

1	dhá sheachtain
2	go holc
3	thángamar ar ais
4	an aois chéanna
5	turasóir
6	ar dtús
7	Go n-éirí leat!
8	caol

Freagraí ar leathanach na bhfreagraí thíos

Fíor (F) nó bréagach (B)?

Abraigí má tá fíor nó bréagach. Má tá bréagach abraigí an rud atá fíor.

	F	B
1 Tá teach soghluaiste ag muintir Stiofáin.		
2 Chaith Stiofán a laethanta saoire i nGaillimh leis na gasóga.		
3 Bhí an aimsir go hainnis i Loch Garman i rith an tsamhraidh.		
4 Bhí Stiofán crosta.		
5 Tá Stiofán chun post samhraidh a fháil an bhliain seo chugainn.		

Freagraí ar leathanach na bhfreagraí thíos

Drochscéala (lch 6)

Aimsígí an t-eolas atá de dhíth!

1 (a) Cathain a tharla an timpiste? (Alt 1)
(b) Cár tharla sí? (Alt 1)
2 (a) Conas a tharla sí? (Is leor dhá abairt.) (Alt 2)
(b) Cé a tháinig i gcabhair ar Fhiachra? (Alt 2)
3 (a) Cár thug an príomhoide é? (Alt 3)
(b) Cén chóir leighis a cuireadh air? (Alt 3)

©Gael Linn (ar lean thíos)

4 (a) Cá bhfuil sé faoi láthair? (Alt 4)
(b) Conas a mhothaíonn sé, an dóigh libh? (Alt 4)



Bígí ag plé! Ar tharla timpiste daoibhse riamh? Tógaigí in bhur dturais é bhur scéalta féin a ullmhú agus a insint dá chéile.

Cabhróidh sé libh bhur scéal a insint má fhreagraíonn sibh ceisteanna 1, 2 thuas ag críochnú leis na cinn seo –

- Cá ndeachaigh tú?
- Cé a thug ann tú?
- Cén chóir leighis a cuireadh ort?
- Conas a mhothaigh tú?
- Cá fhad a chaith tú gan a bheith ar fónamh ina dhiaidh?

Glao na hÉireann (lch 7)
Leasainmneacha – freagraí
Seo iad na cinn a luadh san alt ar na foirne rugbaí éagsúla a bheidh ag imirt i Sraith *Guinness* an mhí seo chugainn –
Na *Springboks* = An Afraic Theas
Na geansaithe glasa = Éire
Los Pumas = An Airgintín

Cén fhoireann atá in easnamh anseo? An bhfuil leasainm uirthi? Má tá, cad é?
Freagraí ar leathanach na bhfreagraí thíos

Meaitseáil brí (lch 7)
freagraí 1F, 2G, 3H, 4B, 5A, 6E, 7D, 8C

©Mai Groves / Shutterstock.com

Cuir le do stór focail (lch 7)
Freagraí
1 Tá Uachtarán Mheiriceá ina chónaí sa Teach **Bán**.
2 Tá fíon dearg agus fíon **geal** ar an mbord.
3 Bhíodh na seanscannáin **dubh** agus **bán**.
4 Ná scríobh aon rud ar an leathanach sin. Fág **bán** é.
5 Tá brat **bán** sneachta ar an bpáirc.

An féidir libh an focal ceart – *bán* nó *geal* – a chur isteach sna habairtí thíos?
(Leid! Uaireanta bíonn an dá fhocal ceart.)
1 Tá gruaig _____ ar an seanfhear agus tá léine _____ air freisin.
2 Tá craiceann na mná óige chomh _____ le cailc.
3 Tá an ghrian go hard sa spéir agus tá loinnir _____ ar an ngaineamh.

©Gael Linn (ar lean thíos)

4 Úsáideann mo Mhamó plúr _____ agus plúr donn nuair a dhéanann sí an t-arán sin.

Freagraí ar leathanach na bhfreagraí thíos

Tráth na gceist (lch 8)

1 Ceann amháin a bhíonn roinnte ina cheithre chuid.

2 Corcaigh
3 Leabharlann
4 *U2* agus *Coldplay*
5 Culainn
6 10 cent – €1 don chamán & €0.10 don sliotar.
7 Robbie Keane 148 n-uaire – Damian Duff 101 uair
8 2010
9 Baile Átha Cliath
10 Naoi gcinn

Paddington a Dó (lch 9)

Crosfhocal daoibh!



Trasna

2 i gceann tamaillín (2, 4, 4)
7 le taobh (2, 4, 2)
8 ón tosach, sa chéad áit (1, 4, 5)
9 tuilleamh, gnóthú (7)
11 ligim saor (8)
12 suite (9)
13 déantóir (13)
14 falsa, gan a bheith fíor (6)

Síos

1 ní mór duit (9, 2)
3 togh, pioc (9)
4 féirín, tabhartas (10)
5 áit ina dtaispeántar scannáin (11)
6 dhá phíosa aráin le bia eatarthu (8)
10 ar chor ar bith (2, 3, 4)

Freagraí ar leathanach na bhfreagraí thíos

©Gael Linn (ar lean thíos)

Soirbéad sméar dubh (lch 9)

Comhábhair

240 ml d'uisce
250 gram de shiúcra bán
454 gram de sméara dubha reoite
2 spúnóg bhoird de shú líomóide

Modh

- Cuir an t-uisce agus an siúcra ar theas ard i sáspan.
- Corraigh go maith iad go dtí go mbeidh an siúcra leáite.
- Doirt an meascán isteach i mbabhla nó i gcrúiscín, clúdaigh agus fág sa chuisneoir é ar feadh uair an chloig go dtí go mbíonn sé breá fuar.
- Idir an dá linn leáigh na sméara dubha.
- Cuir i bpróiseálaí bia iad chun *purée* a dhéanamh díobh.
- Cuir an *purée* leis an tsíoróip a d'fhág tú sa chuisneoir.
- Criathraigh an meascán chun fáil réidh leis na síolta sna sméara dubha.
- Cuir an sú líomóide leis agus fág sa chuisneoir arís é lena chinntiú go bhfuil sé fuar.

  Má tá meaisín uachtar reoite agat, cuir ann é agus beidh soirbéad álainn agat! Ach mura bhfuil an meaisín agat, is féidir fós taitneamh a bhaint as soirbéad deas, ach beagán eile oibre a dhéanamh!
- Doirt an meascán isteach i bhfriochtán déanta as cruach dhosmálta, clúdaigh le scannán cumhdaithe agus cuir sa reoiteoir é.
- Tar éis uair go leith nó dhá uair an chloig, tóg amach é agus cuir sa phróiseálaí bia arís é. Is gá an phróiseáil seo a dhéanamh dhá uair eile le sos uair go leith eatarthu.
- Fág sa reoiteoir ansin é ar feadh uair an chloig agus, nuair is mian leat, bain taitneamh as toradh do chuid oibre!

leáigh *melt* criathraigh *sieve* doirt *pour*
friochtán *pan* cruach dhosmálta *stainless steel*
scannán cumhdaithe *clingfilm* corraigh *stir*
faigh réidh le *get rid of*

An maith leat a bheith ag bácáil?
Céard é an t-oideas is fearr leat féin? An féidir leat na comhábhair agus an modh oibre a bhaineann leis a scríobh amach, ag baint úsáide as an méid focal nua atá foglamtha agat ón oideas thuas?

Amhrán na gCupán (lch 10)

1 Cad a bheidh ag fanacht leis an taistealaí nuair a imeoidh sé ar a thuras? (v3)
2 Luaigh trí rud, a bhaineann leis an nádúr, a ndéantar tagairt dóibh san amhrán seo. (v3)
3 Cén fhianaise atá ann gur maith leis an duine seo a bheith i mbun comhrá? (v4)

©Gael Linn (ar lean thíos)

4 An bhfuil ceol ag an taistealaí seo? Tabhair píosa amháin eolais chun tacú le do fhreagra. (v4)
5 Scríobh alt, leathleathanach nó mar sin, ag cur síos ar thuras a rinne tú féin (aimsir chaite).
6 Scríobh alt, leathleathanach nó mar sin, ag cur síos ar thuras ar mhaith leat a dhéanamh amach anseo (modh coinníollach).

Bailíonn brobh… (lch 10)
1 (a) Cén scéal a bhí á insint acu? (Alt 1)
2 Cathain a craoladh an chéad eipeasóid de *South Park*? (Alt 2)
3 (a) Céard a chuir déistin ar go leor daoine? (Alt 3)
(b) Cén sórt cláir é *South Park*? (Alt 3)
4 Cad deir Parker agus Stone faoin teicneolaíocht? (Alt 4)

Déanaigí roinnt taighde!

- Luaitear an bhliain ar bhuail Stone agus Parker le chéile. Céard í?
  _____
- Cad is ainm don saghas scannáin a chruthaigh siad?
  _____
- Luaitear dhá thréith éagsúla atá de dhíth don obair seo. Cad iad?
  (i) _____ (ii) _____
- Conas a deirtear *díograis* ar shlí eile? (leid – an t-alt deireanadh) _____ _____.

Freagra – Bailíonn brobh beart!

Zón an chairdis (lch 12/13)
Bhí Megan ar dhuine de na cailíní ba chineálta i gColáiste na Carraige. Bhíodh sí i gcónaí gealgháireach agus bhíodh an dea-fhocal aici do gach duine i gcónaí.

Dá mbeifeá in ísle brí, d'fhéadfá dul chuici agus thabharfadh sí cluas éisteachta duit. Dá mbeadh aon rud ag cur isteach ort nó aon rud de dhíth ort, dhéanfadh sí a seacht ndícheall cabhrú leat.

Bhíodh aoibh an gháire uirthi i gcónaí agus, ar go leor bealaí, bhí sí ina deirfiúr mhór do na cailíní eile agus, leoga, do chuid mhaith de na buachaillí freisin. Bhí dúil ag gach duine inti.

Ach taobh thiar den aoibh gháire sin, bhí an brón ina luí go trom ar chroí Megan. Cé go dtagadh na cailíní eile chuici ag lorg comhairle faoi seo nó faoi siúd, cé go bpléidís léi a gcuid fadhbanna maidir le buachaillí agus mar sin de, agus cé go ndéanadh sí gach iarracht iad a shuaimhniú nuair a bhíodh caidreamh tar éis briseadh síos, bhí sí in éad go mór leis na cailíní eile sin.

Ba bhreá léi a gcuid fadhbanna a bheith aici féin. Bhí sí chomh dóighiúil le cailín ar bith eile, bhí pearsantacht dheas aici, chabhraigh sí le gach duine agus bhí sí cairdiúil. Ach ar an drochuair, ní raibh buachaill ar bith aici go fóill. Samhlaigh é sin… beagnach seacht mbliana déag d'aois agus níor iarr aon stócach póg uaithi fós! Níor thuig sí é, agus bhí sé ag cur isteach go mór uirthi.

Ní hé nach raibh dúil ag na buachaillí inti. Bhí sí chomh cineálta leo is a bhí sí leis na cailíní, rinne na buachaillí cuideachta léi agus bhíodh craic acu lena chéile… ach

©Gael Linn (ar lean thíos)

mar chairde. Is ea, bhí Megan i ‘Zón an chairdis’ agus bhí fuath aici dó. Ba mhaith léi beagán níos mó ná cairdeas, ach go fóill ní raibh sé sin ag tarlú di!

Freagraí (lch 14)
1E, 2D, 3H, 4G, 5K, 6J, 7 B, 8A, 9C, 10F

Mothúcháin (lch 14)
Ar aimsigh sibh iad ar fad?

		maith	olc
1	gealgháireach	✓	
2	in ísle brí		✓
3	aoibh an gháire ar	✓	
4	dúil i	✓	
5			✓
6			✓
7	cairdiúil le	✓	
8		✓	
9			✓

Cúpla leid daoibh chun 5, 8 agus 9 a aimsiú! Deirtear libh an bhfuil maith nó olc mar chabhair bhreise!

5 _ R _ N _ R (4,2)
6 I _ _ AD _ _ (2,3,2)
8 C_ _ E _ L _ A (8)
9 _ U _ _ H A_ (5,2)

Freagraí ar leathanach na bhfreagraí thíos

Bí deas leis an ngráinneog! (lch 14)
Léigí na habairtí thíos. Abraigí an bhfuil siad fíor nó bréagach, bunaithe ar an eolas atá san alt. Má tá an abairt bréagach, abraigí an leagan ceart.

		F	B
1	Is féidir le gráinneog titim isteach sa pholl faoin ngreille trí na ráillí.		
2	Tig le gráinneog dreapadh aníos an balla in aice leis an ngreille.		
3	Is mór an costas a bhíonn ar phéire riteog.		
4	Bíonn an ghráinneog in ann dreapadh suas na riteoga gan stró.		
5	Ní gá do ghráinneog a bheith ina phríosúnach má bhíonn péire riteog ceangailte de na ráillí.		
6	Úsáideann an ghráinneog na riteoga mar a úsáideann duine dréimire.		
7	Is bocht an scéal é go bhfuil bealach an-simplí ann chun cabhrú le gráinneog éalú as an bpríosún.		
8	Ní bhíonn fáilte roimh ghráinneog i ngairdín.		
9	Itheann an ghráinneog drúchtíní.		
10	Ní dhéanann drúchtíní aon dochar do phlandaí.		

©Gael Linn (ar lean thíos)

Cúpla ceist eile daoibh!

1 Cad chuige nach mbíonn greille in ionad geata ró-oiriúnach do ghráinneog? (Alt 1)
2 An mbíonn sé éasca cabhrú leis an ngráinneog a bhíonn ina phríosúnach faoin ngreille? (Alt 3)
3 Cén fáth a mbíonn fáilte roimh ghráinneoga i ngairdín? (Alt 5)

Cluiche breá gaelach (lch 15)

Freagraí ar na hanagraim

1 camán
2 sliotar
3 clogad
4 cúl
5 cúl báire
6 tosaí
7 cúlaí
8 liathróid
9 scór
10 corn

Cúpla anagram eile

Baineann siad le cúrsaí camógaíochta.
An féidir libh iad a scaoileadh?

A áicrP na hórCghaic
B ísagean
C ógbra
D ápicr
E riétreoi
F achrbta
G uab
H orCcghai
J ostcía
K ógdeaf

Freagraí ar leathanach na bhfreagraí thíos

Dialann taistil (lch 16-17)

Cúinne na gramadaí Ar aimsigh sibh na ranna cainte go léir a lorgaíodh ar lch 17? Féach thíos chun dul siar ar **Na ranna cainte**.

Tá sé an-tábhachtach tuiscint a bheith agat ar na ranna cainte. Is é sin le rá na codanna éagsúla den teanga a úsáidtear chun cumarsáid a dhéanamh.

An briathar

☞ Seo rann cainte a úsáidtear chun **gníomh** a chur in iúl. Bíonn aimsirí éagsúla acu – aimsir chaite a bhíonn ann nuair a bhíonn an gníomh thart –

Chonaic mé *iontais nuair a* ***bhí mé*** *ar saoire i gCósta Ríce.*

Nuair nach fios cé a rinne an gníomh tugtar **saorbhriathar** air –

Maraítear *mórán gráinneog ar bhóithre na tíre.*

An t-ainmfhocal

☞ Úsáidtear an t-ainmfhocal chun **ainm** duine, áite nó ruda a chur in iúl –

Téann ***turasóirí*** *go dtí* ***abhainn*** *an* ***Pancuare.***

An réamhfhocal simplí

☞ Focal beag é a chuirtear roimh ainmfhocal lena thaispeáint cén bhaint atá aige le focal eile.

ar as ag do de i ó

Tá áthas ***ar*** *Shaileog go bhfuil ticéad aici* ***do*** *cheolchoirm Ed Sheeran.*

Cúpla tasc eile daoibh!

Bígí ag caint

- Cad iad na nithe is fearr a rinne tú i do shaol go dtí seo?
- Cad é an t-ainmhí is fearr leat agus cén fáth?

Comórtas ranga

Ag obair i mbeirteanna, déanaigí liosta de na hainmhithe atá ar eolas agaibh as Gaeilge! Cuirigí bhur gcuid freagraí i gcomparáid le freagraí beirteanna eile.

©Gael Linn (ar lean thíos)

Obair idirlín

Is tír í Cósta Ríce i Meiriceá Láir. Déanaigí taighde le chéile ar an idirlíon agus freagraígí na ceisteanna seo.

1 Cé mhéad tír eile atá i Meiriceá Láir?
2 Ainmnígí iad!
3 Roghnaígí dhá thír ón liosta sin agus líonaigí an bosca seo isteach.

Tír		
Daonra		
Teanga		
Airgeadra		
Bia		
Bratach Náisiúnta		

Filleann an feall! (lch 17)

Bígí ag obair le chéile chun na ráitis seo a phlé.

- Tuismitheoirí fiala flaithiúla ba ea Barry agus Karen.
- Páistí loite santacha ba ea Pól agus Laoise.
- Filleann an feall ar an bhfeallaire i gcomhthéacs an scéilín seo.

An aimsir chaite – Briathra neamhrialta (lch 18)

Is gá na briathra neamhrialta a fhoghlaim de ghlanmheabhair!

Dearfach	Diúltach	Ceisteach
Dúirt	Ní dúirt	An ndúirt?
Rug	Níor rug	Ar rug?
Bhí	Ní raibh	An raibh?
Chuala	Níor chuala	Ar chuala?
Rinne	Ní dhearna	An ndearna?
Fuair	Ní bhfuair	An bhfuair?
Chonaic	Ní fhaca	An bhfaca?
D'ith	Níor ith	Ar ith?
Thug	Níor thug	Ar thug?
Tháinig	Níor tháinig	Ar tháinig?
Chuaigh	Ní dheachaigh	An ndeachaigh?

Freagair na ceisteanna seo san fhoirm dhearfach agus san fhoirm dhiúltach.

Sampla

An bhfuair tú an duais sin?

***Freagra** – Fuair / Ní bhfuair*

1 An ndúirt sé leat nach mbeadh sé in ann teacht?
2 An raibh tú ag imirt peile inné, a Shorcha?
3 Ar chuala tú amhrán nua Britney Spears?
4 An ndearna tú teagmháil le Rónán fós, a Chonchúir?
5 An bhfuair tú mo théacs ar maidin?
6 An bhfaca tú an tvít is déanaí ó Donald Trump aréir?
7 Ar ith an cat an luch?
8 Ar thug tú cuairt ar an bhfiaclóir le déanaí?
9 Ar tháinig siad abhaile sa tacsaí aréir?
10 An ndeachaigh tú go dtí an Spáinn i rith an tsamhraidh?
11 Ar rug an seanfhear greim ar an ráille agus é ag dul in airde an staighre?

Obair bheirte

Ag obair le chéile, críochnaígí na habairtí seo.

1 Chuaigh mé…
2 Ní dheachaigh mé…
3 An ndearna tú…?
4 An ndeachaigh sibh…?

©Gael Linn (ar lean thíos)

5 Rinne tú…
6 Rug an garda…
7 Níor rug…
8 Ní dhearna an múinteoir…
9 Chuala Aoife agus Laoise…
10 Níor chuala mé…
11 D'ith…
12 An raibh an aimsir…?



13 Ar rug Fióna…?
14 Bhí…
15 Ar ith an seilide…?
16 Ní raibh an turas…
17 Fuair an gadaí…
18 An bhfaca an tiománaí…?
19 Chonaic…
20 Ar chuala sibh…?
21 Níor ith sí…
22 Thug…
23 An ndúirt sibh…?
24 Níor thug sé…
25 Ar thug a chara…?
26 Tháinig sé…
27 An bhfuair tú…?
28 Ar tháinig Conn agus Dónal…?
29 Ní bhfuair siad…
30 Níor tháinig …
31 Ní fhaca an páiste…
32 Ní dúirt an príosúnach…

Freagraí gramadaí (lch 18)
(faoi chló dearg)
Dhúisigh *mé an mhaidin sin ar leathuair tar éis a seacht.* ***Léim*** *mé amach as an leaba. Isteach liom sa seomra folctha agus* ***ghlac*** *mé folctha.* ***Chuir*** *mé orm mo chuid éadaigh. Ina dhiaidh sin* ***d'imigh*** *mé síos go dtí an chistin agus* ***d'ullmhaigh*** *mé bricfeasta dom féin. Agus é sin ite,* ***chas*** *m'athair liom ag bun an staighre agus amach linn beirt.*

Thaistealaíomar *go dtí an t-ionad tástála don scrúdú tiomána. Nuair a* ***shroich-eamar*** *an áit sin,* ***d'fhéach*** *mé ar mo ghuthán póca. Leathuair tar éis a hocht – agus an scrúdú le tosú ar a ceathrú chun a naoi. Go breá!* ***Ghlaoigh*** *an scrúdaitheoir m'ainm amach.* ***D'iarr*** *sé orm dul in éineacht leis go dtí an gluaisteán.* ***D'fhág*** *mé slán ag m'athair agus* ***lean*** *mé an scrúdaitheoir amach go dtí an carr.* ***Mhair*** *an scrúdú daichead nóiméad. Nach mé a* ***bhraith*** *go hiontach ag an deireadh! An-fhaoiseamh dom pas a fháil.*

Briathra san fhoirm dhiúltach agus san fhoirm cheisteach

dúisigh *– níor dhúisigh – ar dhúisigh?*
léim *– níor léim – ar léim?*
glac*– níor ghlac – ar ghlac?*
cuir *– níor chuir – ar chuir?*
imigh *– níor imigh – ar imigh?*
ullmhaigh *– níor ullmhaigh – ar ullmhaigh?*
cas *– níor chas – ar chas?*
taistil *– níor thaistil – ar thaistil?*
sroich *– níor shroich – ar shroich?*

©Gael Linn (ar lean thíos)

féach *– níor fhéach – ar fhéach?*
glaoigh *– níor ghlaoigh – ar ghlaoigh?*
iarr *– níor iarr – ar iarr?*
fág *– níor fhág – ar fhág?*
lean *– níor lean – ar lean?*
mair *– níor mhair – ar mhair?*
braith *– níor bhraith – ar bhraith?*

Bígí ag plé le chéile (lch 19)

Cuirigí na ceisteanna seo ar a chéile.

1 An bhfuil aintíní agus uncailí agat?
2 Cad is ainm dóibh?
3 An bhfeiceann tú iad go minic?
4 An dtéann tú ar cuairt chucu go rialta?
5 Ar chaith tú an Nollaig i dteach aintín/uncail leat riamh?
6 An gcabhraíonn tú leis an obair tí sa bhaile?
7 Cén duine agaibh a dhéanann an líon is mó jabanna?
8 An ndéanann tú jabanna eile nach bhfuil ar an liosta ar leathanach 19?

Glic (lch 20)

1 Mínigh an nós oidhreachta a bhí i bhfeidhm na laethanta sin.
2 Cén fáth nár theastaigh ó Naoise an nós seo a chur i bhfeidhm, dar leat?
3 Céard a rinne Lorcán mar thasc?
4 Mínigh an rud a rinne Críostóir.
5 Cén chaoi a raibh an tasc a rinne Eoghan an-chliste?

Meaitseálaigí brí na bhfocal!

1	lúchair	**A**	cumarsáid
2	cumas	**B**	an chuid is mó (de)
3	caidreamh	**C**	cuir as do
4	formhór	**D**	an-áthas
5	cuir isteach ar	**E**	ábaltacht

Freagraí ar leathanach na bhfreagraí thíos

Seachtain na hEolaíochta (lch 21)
Bíodh díospóireacht agaibh/ nó ullmhaígí caint ar an ábhar –
Tá gá le tuiscint mhaith ar na hábhair STEM in aois seo na teicneolaíochta.
Bainigí úsáid as an bhfoclóir nua atá foglamtha agaibh, ón alt seo, agus más gá téarma nó focal nach bhfuil agaibh a lorg, ní gá ach dul go
www.tearma.ie nó www.teanglann.ie

Féile Bram Stoker (lch 21)
Mairfidh an fhéile ó 27 go 30 Deireadh Fómhair i mbliana. Féach an suíomh idirín www.bramstokerfestival.com chun an clár imeachtaí iomlán a fheiceáil.
1 Céard iad na himeachtaí atá ar siúl i do cheantar féin Oíche Shamhna?
2 Conas a chaitheann tú féin an fhéile seo?
3 Déan taighde – tabhair cur síos ar Bram Stoker. Cabhróidh na ceisteanna thíos leat.

- Cathain a rugadh é? Cá háit?
- Cén cúlra teaghlaigh a bhí aige?
- Cén saghas oideachais a fuair sé?

©Gael Linn (ar lean thíos)

- Cá ndeachaigh sé ar scoil / ar an gcoláiste?
- Cén tionchar ba mhó a bhí aige ina shaol?
- Cár mhair sé?
- Cad a bhain sé amach ina shaol?

Turas traenach (lch 22)

Cúpla ceist oraibh

1 (a) Cad ab ainm do na turasóirí? (Alt 1)
(b) Cá raibh a dtriall / cá raibh siad ag dul? (Alt 1)
2 Cén fáth a raibh siad scriosta? (Alt 2)
3 Déan cur síos ar an bpaisinéir a shuigh in aice leo. (Alt 3)
4 (a) Cad a tharla tar éis tamaill? (Alt 4)
(b) Cá raibh siad nuair a dhúisigh siad? (Alt 4)
5 Cathain a thug siad faoi deara gur ghadaí é? (Alt 5)
6 Cad a rinne Uncail Seán? (Alt 6)
7 Cathain a fuair an scríbhneoir a fón póca nua, an dóigh libh?

Aimsígí an nath a úsáidtear sa sliocht ag a bhfuil an bhrí chéanna!

1	tugtha, traochta
2	Bhíomar araon...
3	Tá siad ina gcónaí i nGaillimh.
4	Ba ghearr...
5	Bhí sé soiléir...
6	gan stad, gan staonadh
7	Ní raibh rian de...

Freagraí ar leathanach na bhfreagraí thíos

Deireadh an domhain (lch 22)

Ceisteanna

1 Céard a chreideann roinnt daoine? (Alt 1)
2 (a) Cathain a bheidh deireadh an domhain ann, dar le David Meade? (Alt 2)
(b) Luaigh dhá comhartha go bhfuil an tubaiste seo ag teacht, de réir Meade. (Alt 2)
3 (a) Cén fáth a bhfuil buncair á dtógáil ag daoine áirithe? (Alt 3)
(b) Cén tír ina ndearnadh druil mhór le déanaí? (Alt 3)
4 Cad chuige nár cheart duit a bheith buartha? (Alt 4)

Bígí ag plé!

Nach minic tairngreachtaí mar seo, gan bhunús eolaíochta, á scaipeadh ar na meáin? Nuacht bhréige – cloistear a leithéid go minic sa lá atá inniu ann!

- Déanaigí páirt na meán a phlé – na meáin shóisialta ach go háirithe i scaipeadh scéalta nuachta – fíor agus bréagach araon.

©Gael Linn (ar lean thíos)

Marbh le tae (lch 23)

Ceisteanna

1 Cá bhfuair muintir na hÉireann a gcuid tae roimh an dara cogadh domhanda? (Alt 1)

2 Cad a d'óltaí in Éirinn sna meánaois-eanna? (Alt 2)

3 Cén deoch is fearr le muintir an iarthair? (Alt 3)

4 Luaigh cineál amháin caife is féidir a fháil i gcaifé anois. (Alt 4)

5 Cén céatadán de mhuintir na hÉireann ar fearr leo tae ná caife? (Alt 5)

6 Mínigh an seanfhocal a luaitear. (Alt 6)

Déanaigí suirbhé!

Cé acu is fearr libh?

- An ólann sibh tae / caifé / sú / uisce / deochanna súilíneacha?
- Cé acu is fearr libh?
- Cé acu is fearr le bhur gcairde / le daltaí scoile in bhur rang / le muintir an tí?

Súmó na Seapáine (lch 23)

1 (a) Cad deirtear faoi chluichí gaelacha? (Alt 1)

(b) Céard é an spórt náisiúnta sa tSeapáin? (Alt 1)

2 Breac síos dhá phointe eolais faoi. (Alt 2)

3 (a) Cad é an rud is suntasaí faoi? (Alt 3)

(b) Mínigh an bhaint a bhíonn ag súmó le séasúr an fhómhair. (Alt 3)

Taighde ar an idirlíon

Déanaigí na searmanais agus an ceiliúradh a bhaineann leis an spórt seo a lorg. Ansin ullmhaígí alt eolais faoi chun an spórt a mhíniú. Déan an rud céanna leis na cluichí gaelacha.

©J.HenningBuchholz / Shutterstock.com

Réiteach faidhbe? (lch 24)

© DonatasDabravolskas/Shutterstock.com

Crosfhocal (lch 24) **Freagraí**

			1 T	R	I	O	B	L	Ó	I	2 D	
											Í	
			3 D			4 T					D	5 O
		6 P	Ó	I	L	Í	N		7 M	E	A	S
			C					8 C			A	P
9 F	10 A	D	H	B		11 M	U	I	N	Í	N	I
	L		A					N				D
	B		S		12 D	Í	O	N				É
	E							E				A
	R		13 T	Ó	G	Á	L	A	Í			L
	T							D				
14 C	A	I	D	R	E	A	M	H				

Ceist agam oraibh!

Táim ard agus óg, ach íseal agus sean.

Céard atá ionam?

Freagra (lch 24) **coinneal**

© Gael Linn (ar lean thíos)

Taca seo ama
20 bliain ó shin…

Tá fiche bliain ann ó maraíodh an Banphrionsa Diana i dtimpiste bhóthair i bPáras. Agus mar chomóradh ar an ócáid sin bhí cuid mhaith clár ar na meáin. Nuair a bhí sí beo bhí sí ar an mbean ba chlúití ar domhan. Ach cén cur amach atá ag daoine óga an lae inniu uirthi?

Ba óna hathair, an tOchtú Iarla Spencer, a fuair Diana óg an teideal *Lady Diana*. D'fhreastail sí ar scoileanna i Sasana agus san Eilbhéis, ach níor éirigh léi gráid mhaithe a bhaint amach riamh. B'fhearr léi spórt agus rince seachas cúrsaí oideachais. Tháinig sí os comhair an phobail i mí Feabhra 1981 nuair a fógraíodh go raibh sí geallta leis an bPrionsa Séarlas. D'fhás clú agus cáil Diana ón lá sin ar aghaidh agus, faoin am a fuair sí bás, ba í an bhean ba cháiliúla ar domhan í.

©Mark Reinstein/Shutterstock.com

Deirtear go raibh 750 milliún duine ag breathnú ar phósadh Diana agus Shéarlais in Ard-Eaglais Naomh Pól, Londain ar 29 Iúil 1981. Tháinig na mílte amach ar na sráid-eanna an lá sin agus d'fhéach daoine ar an ócáid stair-iúil seo ar an teilifís i dtíortha ar fud an domhain.

©Isaack/Shutterstock.com

©MrPics/Shutterstock.com

Rugadh beirt mhac do Diana agus do Shéarlas – William agus Harry. Is é William an dara duine sa líne le bheith ina rí. Is oidhreacht an-dian é sin agus dhéanadh Diana a dícheall i gcónaí gnáthshaol a thabhairt dá beirt mhac. Bhí sí buartha faoin mbrú a bheadh ar William agus chuir sé isteach uirthi nuair a thug daoine neamhaird ar Harry toisc nach mbeadh seisean ina rí!

Ar an drochuair, níor mhair pósadh Diana agus Séarlas. Níor réitigh siad le chéile mar gheall ar an-chuid rudaí. Chuir an bhearna aoise eatarthu isteach orthu chomh maith. Bhí Séarlas trí bliana déag ní ba shine ná Diana. Faoi dheireadh chuir an Bhanríon Eilís II comhairle orthu scaradh ó chéile. D'fhógair príomhaire na Breataine an scaradh sa pharlaimint agus tugadh colscar-adh oifigiúil dóibh sa bhliain 1996.

Thosaigh Diana ag siúl amach le fear an-saibhir darbh ainm Dodi Fayed agus chaith siad samhradh na bliana 1997 ag taisteal ar luamh ar fud na Meánmhara. Ar 30 Lúnasa thaistil siad beirt go Páras. Tar éis dóibh dinnéar a ithe in óstán an *Ritz*, chuaigh siad i dtreo árasán Dodi. Faraor, bhí an tiománaí ag dul ar luas lasrach agus tharla timpiste uafásach. Maraíodh Diana, Dodi agus an tiománaí, Henri Paul, tamall gairid i ndiaidh uair an mheán oíche. Tá socraithe ag William agus Harry ócáidí a reáchtáil ag amanna éagsúla i rith na bliana i gcuimhne ar bhás a máthar.

© Gael Linn (ar lean thíos)

oidhreacht *heritage* luamh = bád seoil *yacht*

Ceisteanna

1 Cad a tharla don Bhanphrionsa Diana fiche bliain ó sin? (Alt 1)
2 (a) Cén fáth ar tugadh *Lady Diana* ar Diana Spencer? (Alt 2)
(b) Cathain a chuir an pobal aithne uirthi ar dtús? (Alt 2)
3 An mó duine a bhí ag breathnú ar an bpósadh? (Alt 3)?
4 (a) 'Is oidhreacht an-dian é sin.' Mínigh a bhfuil i gceist leis sin. (Alt 4)
(b) Céard faoi a raibh Diana buartha? (Alt 4)
5 (a) Cén bhearna aoise a bhí i gceist? (Alt 5)
(b) Mínigh an chomhairle a thug an bhanríon don bheirt. (Alt 5)
6 (a) Cá ndeachaigh Diana agus Dodi ag taisteal? (Alt 6)
(b) Tabhair dhá phíosa eolais faoin timpiste. (Alt 6)

Bígí ag plé
Ceiliúrán ba ea Lady Diana sula raibh ceiliúráin ann.
Téigí i mbun taighde agus déanaigí ar bhain sí amach ina saol a mheas.

30 bliain ó shin…

Tháinig agus d'imigh samhradh 2017, ach ní dhearnadh mórán cainte ar an ngaisce a rinne an rothaí, Stephen Roche, san Eoraip tríocha bliain ó shin. Sa bhliain 1987 bhuaigh sé *Le Tour de France*, *Giro d'Italia* agus Craobh an Domhain in aon bhliain amháin! Trí bliana déag a chaith sé mar rothaí gairmiúil, ach bhí air éirí as faoi dheireadh mar gheall ar ghortuithe a bhain dá dhá ghlúin.

Rugadh Stephen i nDún Droma, Baile Átha Cliath sa bhliain 1959. Thosaigh sé ag rothaíocht agus é an-óg agus bhí sé ar an rothaí ab óige riamh a bhuaigh Rás Tailteann sa bhliain 1979 – agus gan é ach fiche bliain d'aois. Thuig sé ansin go bhféadfadh sé slí bheatha a bhaint as an rothaíocht thar lear. Dá bhrí sin, bhog sé go dtí an Fhrainc agus níorbh fhada go raibh rásaí á mbuachan aige ansin chomh maith.

Níor éirigh go rómhaith leis ag Cluichí Oilimpeacha Mhoscó i 1980. Ach ar fhilleadh ar an bhFrainc dó bhuaigh sé go leor rásaí – agus shínigh sé conradh le foireann *Peugot* sa bhliain 1981. Bhí séasúr iontach aige sa chéad bhliain dó mar rothaí gairmiúil agus deich mbua aige faoi dheireadh an tséasúir sin. Ghlac sé páirt in *Le Tour de France* den chéad uair i 1983. Chríochnaigh sé sa tríú háit déag an bhliain sin, sa chúigiú háit is fiche i 1984 agus sa triú háit sa bhliain 1985.

©RadiRazvam/Shutterstock.com

Gortaíodh a ghlúin go dona i dtimpiste ag rás i bPáras agus chuir an gortú sin isteach go mór ar a chuid rothaíochta go dtí gur éirigh sé as sa bhliain 1993. Ní gan chonspóid a bhuaigh sé *Le Tour* ar deireadh thiar sa bhliain 1987. Bhí an-bhliain aige go dtí sin. Bhuaigh sé trí chéim de *Giro d'Italia* – agus an rás féin chomh maith – agus ba é Roche an chéad rothaí lasmuigh de Mhór-Roinn na hEorpa

© Gael Linn (ar lean thíos)

a bhuaigh an rás sin riamh. D'éirigh idir é agus a fhoireann mar gur bhris sé na rialacha agus gur fhág sé na baill foirne ina dhiaidh. Ach beidh cuimhne go deo ag lucht spóirt air ag titim gan aithne gan urlabhra sa rás sin. Bhí iarracht chomh mór sin déanta aige gur thit sé i laige. Ach bhuaigh sé an Tour faoi dheireadh sa bhliain 1987, pé scéal é.

© Alexander Gordeyev Shutterstock/com

Fadhb eile a lean Stephen agus é ag rothaíocht ná ceist na ndrugaí. Tá a fhios ag an saol mór anois gur ghlac an-chuid de na rothaithe gairmiúla ag an leibhéal ab airde drugaí. Deir sé féin nár thóg sé drugaí riamh agus go ndearnadh tástálacha air go han-mhinic le linn dó a bheith ag rothaíocht.

Ar ndóigh, caithfidh go bhfuil an roth-aíocht san fhuil ag muintir Roche, mar ghlac deartháir le Stephen páirt in *Le Tour de France* i 1991. Mac Stephen is ea Nicholas Roche, rothaí gairmiúil chomh maith agus mac deirféar leis is ea Dan Martin, rothaí a chríochnaigh *Le Tour s*a chúigiú háit i mbliana. Briseann an dúchas trí shúile an chait!

gaisce = éacht gairmiúil = proifisiúnta
conspóid = aighneas/coimhlint

Ceisteanna

1 (a) Luaigh an gaisce a rinne Stephen Roche sa bhliain 1987. (Alt 1)
(b) Cén fáth a raibh air éirí as an rothaíocht ghairmiúil? (Alt 1)
2 (a) Cathain a rugadh é? (Alt 2)
(b) Cad chuige ar bhog sé go dtí an Fhrainc? (Alt 2)
3 Conas a d'éirigh le Stephen in *Le Tour de France* sa bhliain 1983? (Alt 3)
4 Tabhair dhá phíosa eolais faoin gconspóid a bhain leis an *Giro d'Italia*. (Alt 4)
(b) 'Beidh cuimhne go deo ag lucht spóirt ar Roche.' Cad chuige? (Alt 4)
5 'Caithfidh go bhfuil an rothaíocht sa dúchas ag muintir Roche.' Conas? (Alt 5)

40 bliain ó shin

I mí Lúnasa agus Mheán Fómhair 1977, daichead bliain ó shin lainseáladh dhá spásárthach *Voyager 1* agus *2*. Misean cúig bliana a bhí beartaithe dóibh chun staidéar a dhéanamh ar na pláinéid – Iúpatar, Satarn, Úránas agus Neiptiún – mar aon lena gcuid gealach. Faoin am seo tá *Voyager* tar éis eolas a chur ar ais faoi na hollphláinéid seo ar fad.

Sa bhliain 2012 bhí *Voyager 1* ar an gcéad



spásárthach le dul isteach sa spás idir-réaltach. Tá sé 21 bhilliún chiliméadar ón domhan sa lá atá inniu ann, ach bíonn teagmháil laethúil aige le *NASA*. Agus dar le *NASA*, d'féadfadh an dá árthach mair-eachtáil na billiúin bliain eile ag taisteal leo timpeall ar Bhealach na Bó Finne. Ag gluaiseacht ag 8,280 ciliméadar san uair, tógfaidh sé 225 mhilliún bliain an fhithis sin a thaisteal!

spásárthach *spacecraft* fithis *orbit*
sprioc = aidhm ollphláinéad *giant planet*

Déanfaidh diosca óir ón domhan teag-mháil le strainséirí sa spás dorcha! Faighigí amach faoi!

© Gael Linn (ar lean thíos)

Leathanaigh na bhfreagraí ó na leathanaigh ranga

Ticéad ceolchoirme
Freagraí (lch 1 thuas)
1D, 2E, 3F, 4A, 5C, 6B

Camchuairt Ed
Freagraí (lch 2 thuas)
Tá 1 agus 2 fíor. Tá 3, 4 agus 5 bréagach.
3 Níl an Astráil mar chuid den Eoraip.
4 Thar thrí oíche a mheall sé an dream sin go Wembley.
5 I mí na Bealtaine i mbliana a chan sé *Galway Girl*.

Sna sála ar Louboutin
Freagraí (lch 3 thuas)

- Is *iomaí* oíche mhaith rince loite ag sála arda briste!
- Tá *ráchairt* ar bhróga Louboutin, Jimmy Choo agus Manolo Blahnik. Tá a gcuid bróg *costasach*, áfach.
- *Comhlacht* bróg é *Borgezie* a bhunaigh Chris Shellis.
- *Mairfidh* sála na mbróg aige sin míle bliain.
- Cén *praghas* atá ar na bróga is *saoire* dá chuid?

fada an focal breise.

Castóir an ghuaigín
Freagraí (lch 3 thuas)
1E, 2A, 3B, 4G, 5C, 6H, 7J, 8K, 9D, 10F

Saoire?
Freagraí (lch 6 thuas)

1	coicís	2	go hainnis
3	d'fhilleamar	4	ar comhaois
5	cuairteoir	6	i dtosach báire
7	Ádh mór ort!	8	cúng

Saoire? Fíor nó bréagach (lch 6 thuas)
Tá 2 agus 3 fíor agus uimhreacha 1, 4 agus 5 bréagach.
1 Ag muintir Chiaráin atá an teach soghluaiste.
4 Ciarán atá crosta.
5 Ciarán a bheidh ag lorg poist samhraidh an bhliain seo chugainn.

Glao na hÉireann (lch 6 thuas)
Fidsí atá ar lár. *Flying Fijians* nó *Bati* (na laochra) a thugtar mar leasainm orthu.

Cuir le do stór focal (lch 6 thuas)

1. Tá gruaig **bhán** ar an seanfhear agus tá léine **bhán/gheal** air freisin.
2. Tá craiceann na mná óige chomh **bán** le cailc.
3. Tá an ghrian go hard sa spéir agus tá loinnir **gheal** ar an ngaineamh.
4. Úsáideann mo Mhamó plúr **bán** agus plúr donn nuair a dhéanann sí an t-arán sin.

Paddington a Dó **Freagraí** (lch 7 thuas)



Zón an chairdis
Freagraí (lch 10 thuas)

5 brón ar	olc
6 in éad le	olc
8 cineálta	maith
9 fuath ag	olc

© Gael Linn (ar lean thíos)

Bí deas leis an ngráinneog!

Freagraí (lch 10 thuas)
Tá 1, 4, 5, 6 agus 9 fíor. Tá 2, 3, 7, 8 agus 10 bréagach.
2 Ní thig le gráinneog dreapadh aníos an balla in aice leis an ngreille.
3 Is beag an praghas a bhíonn ar phéire riteog.
7 Is dea-scéal é go bhfuil bealach simplí ann chun cabhrú le gráinneog éalú as an bpríosún.
8 Bíonn fáilte roimh ghráinneog i ngairdín.
10 Déanann drúchtíní an-dochar do phlandaí, mar itheann siad iad.

Cluiche breá gaelach

Freagraí (lch 11 thuas)
Anagraim
A Páirc an Chrócaigh
B geansaí
C bróga
D páirc
E réiteoir
F bratach
G bua
H Corcaigh
J stocaí
K feadóg

Glic

Freagraí (lch 14 thuas)
1D, 2E, 3A, 4B, 5C

Caillte! Meaitseáil brí
Freagraí (lch 22 thuas)
1 scriosta
2 Bhí an bheirt againn
3 Tá cónaí orthu i nGaillimh
4 Níorbh fhada
5 Ba léir
6 caol díreach
7 tásc ná tuairisc

Réiteach faidhbe – Crosfhocal

Freagraí ! (lch 24)



© Gael Linn